


**I dtreo cleachtais treoirchomhairleoireachta
atá níos spráíúla agus níos polaitiúla**

An Dr Grace O' Grady
Léachtóir san Oideachas
Ceannaire Cúrsa ar an Dioplóma Iarchéime/Máistreacht sa Treoirchomhairleoireacht Scoile
Comhcheannaire ar an gClár PhD Struchtúrtha
Roinn an Oideachais
Ollscoil na hÉireann



*Arna Fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) mar alt don
Lámhleabhar Scoile um Threoir*

Clár an Ábhair

I dtreo cleachtais treoirchomhairleoireachta atá níos spráúla agus níos polaitiúla.....	1
Achoimre.....	Error! Bookmark not defined.
Eochairfhocail.....	Error! Bookmark not defined.
Réamhrá.....	Error! Bookmark not defined.
Tosaíonn an scéal.....	4
Cur chuige Síceolaíochta Criticiúla i dtreo na Treoirchomhairleoireachta	8
Gairmthreoir.....	9
Comhairleoireacht Phearsanta	9
Anailís ghearr ar an gcomhrá.....	13
Catagóir tháiriseal á hathshlánú: ‘An Cuiditheoir ag glacadh leis an Duine atá Cailte’	13
Tátal	Error! Bookmark not defined.
Seicliosta.....	15
Tuilleadh Eolais	16
Teiripe Insinte:.....	16
Teiripe Ealaíne:.....	16
Beathaisnéis	17
Tagairtí.....	Error! Bookmark not defined.

Achoimre

Is é atá i gceist leis an bpáipéar seo ná rian gearr insinte trí mo smaointe atá á bhforbairt faoin bhféiniúlacht agus an tuiscint atá agam atá ag méadú ar chumhacht an dioscúrsa agus na teanga agus cad a cheapaimid atá réalaióch á gcruthú. Is mar chuid de staidéar níos mó é a thosaigh leis an bhfiosracht maidir le conas a chruthaíonn daoine óga agus iad ina ‘ndéagóir níos sine’ a bhféiniúlachtaí (O’ Grady, 2012). Bainim leas as roinnt den obair sin san alt seo chun réasúnaíocht a chur ar fáil don ghá atá ann cleachtas polaitithe den treoirchomhairleoireacht a fhorbairt. Má bhíonn cur chuige cruthaitheach ann i dtreo an taighde agus na comhairleoireachta spreagtar léiriú fírinne iomadúla a nochtann eolas atá cruthaithe go sóisialta (Eisner, 1988) agus dá bhrí sin atáthar in ann a athchruthú. Ar an gcaoi seo is cur chuige é atá spráúil agus polaitiúil. Sa dara cuid den pháipéar déantar iarracht cuidiú a thabhairt leis an síceolaíocht chriticiúil a chur i bhfeidhm atá ealaíonta agus polaitithe ar chleachtas na treoirchomhairleoireachta.

Eochairfhocail

Polaitithe, spráúil, iolrachas, dioscúrsa

Réamhrá

Dialogical, narrative and cultural psychologies...triumph the return of the social, the contextual and the historical to the conceptual realm of the autonomous individual.

(Bekerman agus Tatar, 2005, lch 411)

Má aithnímid gurb é ceann amháin de na haidhmeanna d'Oideachas na hÉireann ná “tuiscint ar a bhféiniúlacht phearsanta féin a chothú [inár scoláirí]” (*Cairt don Oideachas sna Blianta Amach Romhainn*, 1995, lch 10.), ansin tugtar dúshlán dúinn breathnú ar cad atá i gceist againn leis an téarma ‘féiniúlacht’ agus conas a bhíonn tionchar ag an tuiscint sin ar an gcur chuige atá againn i dtreo comhairleoireacht a thabhairt do dhaoine óga i scoileanna. Tá an páipéar seo mar chuid de staidéar níos mó a thosaigh leis an bhfiosracht maidir leis an gcaoi ina gcruthaíonn daoine óga a bhféiniúlachtaí (O’ Grady, 2012). Chun críche an ailt ghearr seo ba mhaith liom leas a bhaint as roinnt den obair sin agus cuireadh a thabhairt don léitheoir bheith in éineacht liom go criticiúil/machnamhach san insint a thagann chun solais. Ar dtús, cuirim fínéad i láthair de mo scéal pearsanta/gairmiúil féin le comhthéacs a thabhairt do mo smaointe atá ag forbairt maidir leis an bhféiniúlacht bheith mar fhiontar polaitiúil agus mar thoradh air sin an gá atá ann cleachtas **polaitithe** den treoirchomhairleoireacht scoile a fhorbairt. Sa dara cuid den pháipéar déantar iarracht cuidiú áirithe a thabhairt le cur chuige síceolaíochta criticiúla a chur i bhfeidhm ar chleachtas na comhairleoireachta. Cé go mbíonn cumas na comhairleoireachta de chomhairleoirí ar leith éagsúil ó scoil go scoil, agus an chuid is mó de threoirchomhairleoirí bainteach anois le forbairt ghairmiúil leanúnach agus le hoiliúint theiripeach (Hayes & Morgan, 2011), ní mór seasamh go soiléir leis na srianta atá ann i dtaobh an chleachtais agus straitéisí agus próisis comhairleoireachta éagsúla á gcomhtháthú ag na comhairleoirí ina gcleachtas.

Sa ghné **spraíúil** agus ghníomhúil den fhéiniúlacht leagtar béim ar an mbealach ina n-insítear an scéal. Tá an scéal pearsanta curtha le chéile i spás leathanaigh ‘comhfhadaithe’ taobh leis an scríbhneoireacht theoriciúil a théann thar an imeall ar dheis, ag brú ar theorainn an téacs. Déantar cuimhní cinn roghnaithe a scríobh i véarsa ag baint úsáide as an gcló century, agus eang in úsáid. Tá an úsáid a bhaintear as an bhformáid agus an teanga ann d’aon ghnó, a dhéanann struchtúr comhaontaithe a bhí ann roimhe go traidisiúnta a chothaíonn fadhbanna: agus dá bhrí sin tá mo shuíomh atá ag forbairt ar chruthú féiniúlachta agus conas atá sé á léiriú agam ag teacht le chéile beagán. Mar ‘théacs feidhmíochta’ má bhaintear úsáid as stíleanna scríbhneoireachta agus athruithe téamacha, tugann sé dúshlán don léitheoir ceangail a dhéanamh thar teorainneacha catagóireacha, dioscúrsacha agus stíleacha (Ellsworth, 1997, lch 13).

Cuirim san áireamh tagairtí iomadúla don litríocht iomchuí dóibh siúd ar mian leo tuilleadh a léamh.

Tosaíonn an scéal

Dhá bhliain déag ó shin bhí mé ag obair mar threoirchomhairleoir i bPobalscoil mhór in Iarthar na hÉireann. Cuid den phost a bhí agam ná scoláirí a éascú agus iad ag ullmhú le dul isteach i gcúrsaí tríú leibhéal. De réir a chéile, bhí an próiseas le cúrsaí a liostú in ord tosaíochta ar fhoirm na Lár-Oifige Iontrála (CAO) ina ábhar inní, dioscúrsach agus mar rud strusmhar do na scoláirí. Thosaigh mé ag machnamh faoin gcleachtas seo agus an t-eolas síceolaíochta a bhí ann roimhe a chuir leis agus a dheimhnigh é. Rinne mé machnamh ar fhorbairtí céime agus an smaoineamh faoin ‘déagóir níos sine’ mar an tréimhse chaoithiúil le tuiscint chomhaontaithe ar an duine féin a fhorbairt mar atá tacaithe ag daoine ar nós Erikson (1968, 1980), Marcia (1980) Harter (1990, 1993, 1999), Kroger (2004), i measc daoine eile. Rinne mé machnamh ar an tuairim nach raibh baint níos mó ag an duine féin comhtháite le riachtanais shóisialta/chultúrtha seachas le gnóthachtáil chognaíoch/ fhorbartha. Sa chuid bheag daoine óga ar labhair mé leo, a d’fhorbair a rogha ghairme, d’inis siad scéalta faoi thionchar an teaghlaigh; ag leanúint ar aghaidh ar fheirm, i ngnó, i ngairm an teaghlaigh; ag iarraidh cáilíochta maithe a bhaint amach ina mbeidís slán. Mar sin, trí mé féin a chur taobh leis na scoláirí, is cosúil nár labhair an scéal mór Forbartha leis an taithí a bhí acu féin.

Agus béim á leagan ar an iolrachas (éagsúlacht) mar ghné den fhéiniúlacht sa saol atá ag teacht chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de agus atá ag athrú go tapa, is cosúil go gceistíonn taighdeoirí comhaimseartha i gcruthú féiniúlachta déagóirí ar nós Moissinac agus Bamberg (2004) agus Georgakopoulou (2002) an tuairim Fhorbartha de bhrú cognaíoch sa duine óg chun féiniúlacht chomhaontaithe agus chomhtháite a chruthú ag deireadh na hógántachta.

Ag an bpointe seo, thosaigh mé ag mothú freisin go raibh mé greamaithe ‘i sáinn’ maidir leis an snáithe comhairleoireachta pearsanta de mo ról treorach. Bhí scoláireachtaí a raibh ‘deacrachtaí pearsanta’ acu á gcur chugam chun iad a ullmhú le dul i dtaithe le saol na scoile go héifeachtach. Ag baint leasa as m’oiliúint comhairleoireachta dhaonnachaíoch/ thrasphearsanta, agus ag baint úsáide as straitéisí iompair cognaíocha, dhírigh mé m’fhuinnimh ar chabhrú le daoine óga le bheith freagrach as na gníomhartha a rinne siad agus as athruithe a dhéanamh ar a n-iompar. De réir a chéile, mar sin féin, bhí mé ag mothú míchompordach leis an gcur chuige a bhí agam agus mhothaigh mé go raibh mé fáiscithe leis an gcóras oideachais agus go raibh mé ag tacú leis seo dá bharr. Bhí fadhbanna á bpearsantú/ á ndosmachú. Bhí daoine óga á gcur ar ais chuig córas nach raibh athraithe agus ag teacht salach air arís.

D’fhág mé an teagasc dara leibhéal, tar éis M.Sc. a chur i gcrích sa Treoir agus Comhairleoireacht Oideachasúil agus thosaigh mé post léachtóireachta in NUI Maigh Nuad. I dtreo dheireadh na céime sin tháinig mé ar shaothar Kenneth Gergen (1991, 1992, 1996, 2001) agus taighdeoirí cruthaithe shóisialta ar nós John Shotter (1993, 1998, 1999a, 1999b) agus Rom Harre (1998). Mar thoradh air seo thosaigh mé ag dul i ngleic go domhain leis an smaoineamh den fhéiniúlacht mar chruthú insinte/ dioscúrsa. Chrith sé ag na ‘fréamhacha’ de mo thuiscint eisintiúil dhaonnachach uile maidir le féin ‘croiláir’, ‘fíor’, istigh’ a bheith ag an duine, ag cur as do na barúlacha agus cleachtais nach ndearnadh dóigh díobh a threoraigh mo chuid oibre le daoine óga roimhe seo.

Tá an bharúil ann sa Tógálachas Sóisialta go gcruthaíonn daoine a saol agus féiniúlachtaí go sóisialta agus go cultúrtha, trí chúrsaí teanga agus cumarsáide. Ag baint leasa as obair na dteoiricithe Sóivéadacha ar nós Bakhtin agus Vygotsky, feiceann tógálaithe sóisialta an déanamh brí agus an cruthú féiniúlachta mar chomhghníomhaíocht agus mar rud ‘réalaíoch’ mar an spás idir daoine i mbun comhrá (Speedy, 2008, p.16). Tugann Shotter ‘ealaín na filíochta shóisialta’ air seo.

Mar thoradh ar chomhráite le comhghleacaithe i Roinn an Oideachais Aosaigh, i rith mo chuid taighde don PhD, fuair mé smaointe dlútha ach smaointe fuascailteacha den iarstruchtúrachas a dtacaíonn feiminigh leo ar nós Walkerdine (1993), Davies (1993, 1994, 1999, 2000, 2006) agus na scríbhneoirí feimineacha Francacha: Kristeva (1986), Cixous (1993, 1997) agus Irigaray (1996, 2002, 2004).

Tá an focal ‘Aosach’ le sonrú san Oideachas Aosach. Nuair a bhímid i gcatagóir ina bhfuil rud le sonrú, bíonn amharc ar leith againn ar an gcatagóir nach bhfuil rud le sonrú inti i.e. Oideachas. Tá baineann/fireann le sonrú ar an mbealach céanna. Dé réir scríbhneoirí iarstruchtúraíochta feimineacha is é sa teanga ina mbímid an t-ábhar. Is é atá i gceist leis sin ná go gcuirimid muid féin in iúl agus go gcruthaímid ár bhféiniúlachtaí sa teanga atá ar fáil dúinn inár gcultúr agus táimid srianta agus cumasaithe laistigh d’ord na brí sin: an t-ord ina mbíonn ar gach duine daonna iad féin a chur isteach ann (Irigaray, 1996). Ón bpeirspictíocht seo bíonn féiniúlachtaí go mór i dtiúin leis an ord caidrimh ach chomh maith leis sin leis na struchtúir shóisialta/dioscúrsaí móra atá níos idé-eolaíche. Is féidir úsáid a bhaint as an bhfocal ‘dioscúrsa’ chun cur síos a dhéanamh ar na smaointe agus cleachtais chultúrtha a dhéantar talamh slán díobh, lena gcuirimid cruth orth agus atá cruthaithe ag an domhan seo againn agus ar féidir a bheith sofheicthe sa teanga a úsáidimid. San Irigaray seo glaoitear ar an saol den ‘siombalach’ agus áitítear, san Iarthar, go raibh an bhaininscne coinnithe amach as, réimse an fhirinscne atá ann a chuireann luach ar an réasúnaíocht agus ar an réasún. Le seasamh polaitiúil, déantar iarracht na héifeachtaí a dhéanamh sofheicthe de choilíniú na ndioscúrsaí a dhéantar orainn, ar a nglacaimid cé muid féin – mar dhaoine, fear/bean, múinteoirí/scoláirí, óg/sean, tuismitheoir/leanbh etc. Do Kristeva cuireann an teanga fhileata isteach ar an gcaidreamh idir na focail agus “a bhfuil ar eolas againn cheana féin” (in Speedy, 2005, lch 289). Tá sé indéanta dúinn a shamhlú muid féin á lonnú, ní ar bhealach deachúil – mar rud amháin nó rud eile – ach mar dhaoine atá “in ann snáitheanna scéil nua, meafair nua agus íomhánna nua a fhorbairt trínar féidir linn ár saol a chaitheamh” (Davies, 2000, lch 42). Éiríonn leis an teanga mar ‘páirc imeartha’ (Richardson, 2004) a bheith ina smaoinneamh iontach. Nuair a fiafraíodh den fhile Éireannach, Seamus Heaney, nach maireann, cén fáth ar chríochnaigh sé a leabhar, *Station Island* le sliocht as Joyce seachas Yeats, d’fhreagair sé: “Mar cáilíonn Joyce mar fhile níos mó ná an chuid is mó de scríbhneoirí véarsa. Téann sé isteach, bíonn sé ag fiosrú agus sáraíonn sé é féin trí dhul isteach sa teanga, í a fhiosrú agus a shárú” (*The Irish Times*, 25 Deireadh Fómhair, 2008).

In amanna sna comhráite seo, d’athcheangail mé le scéalta ó na blianta luatha i mo shaol gairme. Den chuid is mó den am sin bhí mé ag obair mar mhúinteoir ar cuairt do

thaistealaithe agus mar mhúinteoir riachtanas speisialta. Ag cuimhneamh siar ar dhá eachtra (arna dhoiciméadú ‘go fileata’) cruthaítear gluaiseacht i dtreo ‘loighic na haireachtála’ (Deleuze, 1990, lch 23) do sheasamh spráúil agus polaitithe san oideachas.

Tá an bhéim maidir le cad a dhéanaimid bogtha againn ón loighic réasúnaíochta agus réasúin i dtreo... ‘loighic aireachtála’ ... Airímid cad atá i gceist leis an scríbhneoireacht seo ach nílimid cinnte cad is *brí léi*”.

(Gale & Wyatt, 2008, lch 8)

Picnic na mBéiríní

Bhí screadanna áthais le cloisteáil san aer agus na leanaí ag rith i ndiaidh na caillí gránna san fhothrach den eaglais ón 12ú haois déag ar Mhullach Bhaile Shláine, lastuas de Láithreán Stad Mheille. Phreab na máithreacha agus an múinteoir timpeall inár n-éadaí fionnaidh troma agus béasa ag ligean orainn gur máthairbhéiríní muid ag an bpicnic ag deireadh na bliana. Cuireadh féiniúlachtaí faoi cheilt i mórthaibhseacht an ama i láthair. Bhí an t-aer éadrom.

D’imigh fuaim an bhonnáin ghéir den Ford Mondeo Garda¹ a bhí bán agus gorm tríd an ngleann thíos, ag éirí níos airde. “An raibh duine éigin i dtrioblóid sa sráidbhaile?” a d’fhiafraigh mé. Chas máthairbhéirín timpeall orm agus dúirt sí, “Is é seo an chaoi ina mbíonn sé. Ní féidir leat dul áit ar bith nach bhfuil siad taobh thiar díot.” Ag seasamh ansin faoi bhréagrioht, fuair mé léargas ar cad a bhí i gceist le bheith sa suíomh mar dhuine eile, mar strainséir, lasmuigh den loca, faoi fhaire go hoscailte, ‘Taistealaí’.

Tionól Scoile

Shiúil na leanaí i líne isteach san áit ilfheidhmeach agus d’imigh siad chuig a n-áit do thionól na maidine. Thosaigh an Príomhoide ag beannú na scoláirí agus chuir sí fáilte roimh na leanaí nua a raibh ‘riachtanais speisialta acu’. Mar fhreagra air seo chroith Anne², a raibh stad ina cuid cainte agus a bhí faoi mhíchumas coirp, a lámha agus thosaigh sí ag gáire. Rinne an cathaoir rothaí díoscadh le háthas an linbh.

Bheachtaigh an tSr. Nora³ a fáilte agus d’fhógair sí, “Ní bheidh na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ag freastal ach ar feadh an chéad chúpla nóiméad agus ansin tabharfaimid faoin lá oibre.” Thóg Laura⁴, an cúntóir riachtanas speisialta agus mé féin na leanaí go dtí a seomra ranga. Ag siúl taobh lenár scoláirí bhí cuma an-mhór ar lár an tseomra.

Tháinig na scéalta seo chun cinn i mo chuid comhráite le comhghleacaithe. Seo a leanas Barthe, “Tugaimid muid féin ar an saol inár gcuid scríbhneoireachta *agus inár labhairt*” (in Davies *et al*, 2004, lch 365). Gan labhairt faoi na scéalta seo ar feadh cuid mhór blianta,

¹ Is Garda an focal Gaeilge do ‘Guard’.

² Ainm cleite

³ Ainm cleite

⁴ Ainm cleite

thosaigh siad ag teacht chun solais sa spás idir an labhairt agus an scríbhneoireacht, agus mé ag déanamh machnaimh maidir le ceisteanna na féiniúlachta agus daoine óga. Tá siad fós ag lonnú i bhfillteacha mo choirp áit ar tugadh faoi deara ar dtús an ‘buille. Seo a leanas St. Pierre (Richardson & St. Pierre, 2005, p.973), “B’fhéidir go bhfuil an chosúlacht ann nach bhfuilim ag scríobh fúthu san aiste seo, ach dearbhaím leat go bhfuil siad ag caint leat i ngach focal a léann tú.” Labhraíonn na scéalta uile roimhe seo (pearsanta/fileata/teoiriciúla) chuig m’ábhair inní maidir le: an tsíceolaíocht fhorbartha agus na céimeanna seasta den chruthú féiniúlachta; pearsantú ‘fadhbanna’ scoláirí i ndioscúrsa daonnachach; dofheictheacht na ndioscúrsaí sóisialta, cultúrtha agus teaghlaigh atá cumhachtach a chruthaíonn sinn mar dhaoine ar a laghad, mura ndéantar sinn a bhunú freisin; daoine a lonnú mar *seo* nó *sin* nó *eile*.

Cur Chuige Síceolaíochta Criticiúla i dtreo na Treorach agus na Comhairleoireachta

Agus an tríú Oscar á bhailiú aige mar an tAisteoir is Fearr ag an 85ú *Duais an Acadaimh* i mí Feabhra 2013, dúirt Daniel Day Lewis leis an lucht féachana, “Ó phósamar 16 bliana ó shin, mhair mo bhean chéile Rebecca le fir áirithe a bhí an aisteach, aisteach mar dhaoine ar leith agus níos aistí déarfainn má thógtar mar ghrúpa iad.” Lean sé, “Ar an dea-uair, is ise an duine ildánach sa teaghlach agus ba í an cara is fearr dóibh ar fad.” Cé go raibh Daniel Day ag caint faoin bhfoireann carachtar ar raibh ar a bheith agus a léiriú mar aisteoir, mothaítear sa ráiteas seo go raibh siadsan ag maireachtáil ann freisin.

Sa bhrainte síceolaíochta ar a dtugtar an tsíceolaíocht chriticiúil (arna thacú ag na tagairtí roimhe sa téacs seo) ceistítear cuid mhór de na barúlacha de na teoiricí príomhshrutha den duine agus den fhorbairt. Go hachomair, déantar talamh slán de sa ghnáthshíceolaíocht gurb é lár na taithí an féin, rud iomlán ciallmhar, sintéis d’fhéiniúlachtaí roimhe/ níos luaithe le daoine eile. Baintear úsáid go forleathan as aidiachtaí ar nós comhaontaithe, comhtháite agus comhsheasmhach chun cur síos a dhéanamh ar an bhféin den ‘duine aibi’. Ceistíonn an ghluaiseacht chriticiúil é seo agus déantar an argóint go ndéantar cur síos orainn ó thaobh cultúir de; i saol ina bhfuil an teicneolaíocht cumarsáide, an éagsúlacht agus na hathruithe mar a chuid tréithe is gá do dhaoine dul in oiriúint do chiorcal níos leithne de chaidrimh shóisialta. Déantar an argóint go bhfuil impleachtaí móra aige seo don fhéinfhorbairt sa chaoi is gur gá do dhaoine ‘féin’ atá iomadúil a chruthú thar comhthéacsanna sóisialta éagsúla (Gergen, 2001). Feictear an fhéiniúlacht ó thaobh na hiar-chomhaimseartha de⁵ mar rud éigin atá cruthaithe agus athchruthaithe trí scéalta a n-insíonn daoine dóibh féin agus do dhaoine eile maidir le cé hiad féin (Riessman, 2008), agus cruth ag teacht orthu go leanúnach i agus trí scéalta a insítear maidir leis na scéalta a bhí díreach inste (Sermijn, *et al*, 2008). Déantar na scéalta seo a ghreamú i mbealaí le feiceáil, le bheith ar an eolas agus le bheith ann atá curtha ar fáil dúinn inár gcultúr: dioscúrsaí atá dofheicthe go minic.

⁵ Ba é an bogadh ón mbealach daonnachaíoch de bheith ag breathnú ar an domhan a bhí ann roimhe a dhéanann an féin a choincheapadh mar ‘aonán’, go dtí glacadh leis an ‘casadh iar-chomhaimseartha’ ina ndírítear ar an bhféin mar chruthú dioscúrsach, ceann a raibh mé ag streachailt leis ar feadh tréimhse fada. Tá an nua-aimsearthacht bunaithe ar smaointe soilsihte (an cuardach don fhírinne agus nádúr fíor na fírinne ó lár an ochtú haois déag) agus breathnaítear ar an iar-chomhaimsearthacht ina bhfuil an tuiscint ann go ndéantar gach eolas, nach bhfuil aon bhunfhírinne ann.

Má chuirimid san áireamh an smaoineamh go labhraímid ag baint úsáid as guthanna éagsúla, roinnt díobh atá frithráiteach, ansin déanann sé ciall cleachtas a fhorbairt a chuidíonn leis an duine aonair a bheith ar an eolas faoi na guthanna éagsúla agus faoi éifeachtaí na ndioscúrsaí seo ar an duine (go fisiceach, go mothúchánach, go cognaíoch). Ón bpeirspictíocht seo tá dúshlán roimh an treoirchomhairleoir seasamh **spraíúil agus polaitithe** a ghlacadh i dtreo a cuid oibre agus í ag déanamh iarrachta go mbeidh na snáitheanna cultúrtha/teaghlach/institiúideacha a bhíonn dofheicthe go minic le feiceáil sna comhráite a thagann chun solais. Is féidir cuidiú le daoine leis na tosca a aithint a chruthaigh a gcuid smaointe maidir le cé hiad féin, dar leo. Is féidir cuidiú leo le seasamh go criticiúil lasmuigh de na dioscúrsaí/guthanna sin agus saol a bheith acu sa phlé cruthaitheach leo seachas a bheith faoi dhraíocht leo.

Gairmthreoir

In agallamh gairmthreorach d'fhéadfadh an treoirchomhairleoir iniúchadh a dhéanamh leis an duine aonair na guthanna a chuireann lena t(h)reoir: “Tá sé fíorthábhachtach post a bheith agat inar féidir carr agus costais mhaithe a bheith agat”, ‘nílim éirimiúil go leor le staidéar a dhéanamh ar an gcógaisíocht’, ‘táim maith go leor ag an mata agus ag an mbitheolaíocht mar sin ba chóir dom staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht’, ‘táim ealaíonta ach ní bhfaighidh mé posta dá bharr’. Tá sé tábhachtach go mbíonn daoine ar an eolas faoina mhéad guthanna agus is féidir agus go gcuidítear leo cad é an rud a chothaíonn agus cad é an rud atá díchumhachtaithe a aithint. Lasmuigh de na guthanna éagsúla a chomhtháthú, caithfidh daoine aonair dóthain spáis a chruthú le bheith in ann plé a dhéanamh leis na ‘páirteanna iomadúla’ seo. Sa tsíceolaíocht chriticiúil ceistítear an bharúil faoin bhféin comhtháite agus comhaontaithe, ag breathnú air mar mhórdhioscúrsa. Breathnaítear ar an Síceolaíocht Fhorbartha mar mhórsceál normalaithe inár scoileanna ag treisiú struchtúir agus chleachtas na scoileanna agus ag cur scoláirí isteach i gcatagóirí áirithe. Má táimid le glacadh leis an léargas seo ansin is gá dúinn ceist a chur orainn féin cén fáth a bhfuilimid ag súil go ndéanfaidh ár ndaoine óga iad féin a chomhtháthú le bheith neamhspleách agus gan bheith ag brath ar dhaoine eile leis an rogha gairme a léiriú mar an chéad rogha ar fhoirm CAO. D'fhéadfadh sé go mbainfí ciall as na leibhéil arda den neamhfheastal ag an tríú leibhéal, mar dhiúltú, is cuma cé chomh neamh-chomhfhiosach is atáthar, don mhórdhioscúrsa maidir leis an bhféiniúlacht. Sa chomhthéacs seo b'fhéidir go mbeidh gá le hathbheithniú a dhéanamh ar an tástáil shíciméadrach ós rud é gur teicneolaíocht thraidisiúnta é seo ina ndéantar iarracht gnéithe den fhéin a chomhtháthú isteach i ráiteas faoin bhféin, a d'fhéadfaí a thuiscint mar an ceann eolaíoch agus dá bhrí sin an ceann *bailí*.

Comhairleoireacht Phearsanta

I gcomhthéacs na comhairleoireachta pearsanta, go minic is iad na smaointe faoi choimhlint/contrártha faoin bhféin is cúis le cuid mhór den phian i.e. “Nuair a bhím le mo dheirfiúr is cosúil gur cineál duine amháin mé agus sa ghrúpa nó le mo mhúinteoirí/ceannasaí/tuismitheoirí tá mé go hiomlán difriúil. Cé acu ceann an mise atá fíor?” “Nuair is mian liom a bheith cineálta go minic bím coimhthíoch agus fuaránta” etc. Má chuidítear leis an duine aonair bheith ar an eolas faoi na *suíomhanna* éagsúla a nglacann siad

leo agus a nglactar leo isteach iontu (a bhíonn mar chatagóirí seasta go minic) agus má phléitear leo seo d'fhéadfadh rogha níos mó a bheith ag duine ina s(h)aol. Tá sé chomh ríthábhachtach sin cuidiú leis an duine óg chun a scéalta a chur in iúl, chun na héifeachtaí teoranta agus cumasaithe a fhiosrú maidir leis na scéalta sin faoina saol agus chun iarracht a dhéanamh spás a fhágáil oscailte dóibh chun iad féin a shamhlú/a chur in iúl thar na buntuirimí den fhéin. Ar an eolas faoi na teorainneacha atá ann don chleachtas comhairleoireachta (féach Igh 20-21 + CD ROM *National Guidance Forum Report* (2007) agus féach freisin *Counselling Competencies for Guidance Counselling Education Programmes: Interim Guidelines* (2011) agus *Research on the Practice of Counselling by Guidance Counsellors in Post Primary Schools* (2011)), is féidir leis an treoirchomhairleoir fanacht laistigh dá teorainneacha gairmiúla agus ag an am céanna úsáid áisiúil a bhaint as straitéisí cruthaitheacha chun cuidiú leis an bpróiseas seo.

Cuireann déanamh íomhánna físiúla leis an bpróiseas insinte trí dhaoine a mhealladh go hiomlánaíoch, go cruthaitheach agus go praiticiúil i ngníomhaíocht a cheanglaíonn iad féin leis an samhlaíocht (Leitch (2008), ag lua Anning & Ring) agus má dhéantar a leithéid déantar an smaoineamh den fhéin/fhéiniúlacht atá seasta a dhéanamh níos scaoilte. Go dtí le déanaí, níor tugadh mórán airde ar an sineirge idir an rud físiúil agus an rud ó bhéal agus conas is féidir le modhanna físiúla gníomhú mar spreagthaí do scéalaíocht daoine óga (Leitch, 2008, lch 39). Déanann Thompson (2008) bealaí éagsúla a dhoiciméadú ina bhfuil taighdeoirí ag baint úsáide as na modhanna cruthaitheacha físiúla agus ó bhéal araon le daoine óga. Is bealaí sábháilte uile iad an phéintéireacht, múnlaíl cré agus úsáid a bhaint as siombailí leis na scéalta iomadúla seo faoin bhféin a chur in iúl. Is féidir cuidiú le daoine bheith ar an eolas faoin suíomh ina bhfuil siad agus conas a chuireann siad iad féin i gcomhthéacsanna agus i gcúinsí éagsúla. Má bhaintear úsáid as gearrthóga as irisí do dhéagóirí le colláis/líniúocht d'fhéinphortráid a chruthú féadfaidh sé seo tuairim níos soiléire a thabhairt don duine óg maidir leis na dioscúrsaí sóisialta a chruthaíonn cé hiad féin, dar leo. Go minic bíonn scéalta faoin bhfireannacht agus faoin mbanúlacht choitianta, grá rómánsúil ilnormatach agus mar sin de sna saothair seo agus bíonn an duine óg in ann a fheiceáil conas a chuireann siad iad féin i suíomh maidir leis na dioscúrsaí cultúrtha ceannais seo. Níor mhiste leas úsáideach a bhaint as an gcineál cuir chuige chruthaithe seo in agallamh gairme nó oideachais; cuireadh a thabhairt don scoláire féinphortráidí a chruthú agus iad a spreagadh le go mbeidh na snáitheanna scéil ina bhfuil siad ag maireachtáil sofheicthe – laistigh de na teorainneacha den chleachtas gairmiúil/eiticiúil an t-am ar fad (*Code of Ethics of the Institute of Guidance Counsellors*, 2012) agus i gcumas an treoirchomhairleora. Is iad seo a leanas na cineálacha ceisteanna atá úsáideach, dar liom nuair atá iarmhairt chruthaitheach an duine aonair á fiosrú:

-*Cad a fheiceann tú? Cén scéal atá á insint ag an íomhá?*

-*Cár chuala tú an scéal sin? (feasacht a mhúscailt maidir le scéalta teaghlaigh a bhí ann roimhe, dioscúrsaí cultúrtha/institiúideacha).*

-*Cén chaoi a bhfuil sé le bheith san íomhá sin – corp, mothúcháin, smaointe? (feasacht faoi éifeachtaí an dioscúrsa).*

-*Conas a fhreastalaíonn an scéal sin ort? (machnamh/fad á spreagadh).*

-*Conas a chuireann an íomhá/scéal sin srian ort? An mbíonn daoine eile fágtha ar lár (cruthú dioscúrsach na cumhachta á dhéanamh sofheicthe).*

-*Cén íomhá/ cad iad na híomhánna, más ann dó(íbh), a cuireadh faoi chois nó a scriosadh? (catagóirí táirísle/ciúnaithe á ndéanamh sofheicthe).*

-Cén fáth ar roghnaigh tú an íomhá sin agus nár roghnaigh tú ceann eile? (feasacht a mhúscailt maidir leis an lucht féachana/comhthéacs agus saoráid na féiniúlachta inste).

-Cad iad na hathruithe, más ann dóibh, ar mhaith leat a dhéanamh ar an íomhá/ na híomhánna? (fostríoc á cur ar neamhchinnteacht féiniúlachta)

(O'Grady, 2012)

Leis an gcineál cuir chuige dhioscúrsaigh seo i dtreo saincheisteanna féiniúlachta bíonn daoine in ann nasc a dhéanamh idir na hilseasaimh phearsanta a bhfuil siad ag glacadh leo agus an pholaitíocht i gcoitinne de dhéanamh na gciall sa saol scoile/teaghlaigh/sóisialta. Cruthaítear spás ann le gur féidir athruithe a dhéanamh ar na leibhéil phearsanta agus shóisialta araon. Sa sliocht seo a leanas ón taighde a rinne mé léirítear, go pointe áirithe, an cur chuige atá molta agam. D'oibrigh mé le Martin (a bhí 16 bliana d'aois nuair a chuir mé aithne air ar dtús) ar feadh tréimhse dhá bhliain agus a scéalta féiniúlachta cruthaitheacha á bhfiosrú i suíomh le grúpa agus i gcomhráite duine le duine araon. I rith na tréimhse sin shamhlaigh sé é féin go mór gur féiniúlacht 'cuiditheoir' atá aige, ag breathnú air mar a chroí-fhéin. D'fhiosraíomar na héifeachtaí a bhí air mar gur cuireadh sa suíomh é ar an mbealach seo agus rinneamar an suíomh ina raibh fadhb aige ann a dhí-eisintiúlú, tríd é a lonnú sa scéal teaghlaigh agus ní ann féin. Toisc go raibh sé i gcónaí ag breathnú air féin an bealach seo, bhí sé deacair dó a shamhlú a bheith mar aon bhealach eile gan bheith ag mothú cailte. Anseo, roghnaíonn sé obair a dhéanamh le dhá cheann de na féinphortráidí atá aige a dtugann sé 'An Cuiditheoir' agus 'An Duine Cailte' orthu.

(Comhrá Cruthaitheach Deiridh le Martin) 22^ú Márta 2009

Martin: [Ag díriú na méire ar an bportráid de 'An Cuiditheoir' agus 'An Duine Cailte']
Chuir sé as dom beagán go bhfeicim mé féin mar ceann amháin nó ceann eile. Tá cuma ar an gCuiditheoir go bhfuil sé chomh tarraingthe agus trína chéile agus i gcoimhlint mhór.

Cad é an scéal a bhí sé ag insint dó féin arís?

Martin: Caithfidh mé bheith ansin do gach duine.

Agus mura mbíonn sé ansin...

Martin: Bíonn sé cailte, fágtha amach.

An féidir leat a chur i gcuimhne dom, cár chuala tú an scéal sin ar dtús Martin

Martin: Bhuel, mar a dúirt mé, nuair a fuair mo dhaid bás ba mise amháin a bhí thart le mo sheanmháthair agus mo mham. Mar sin, bhíothas ag súil leis go mbeinn ansin dóibh.

Deireadh mam 'cá mbeinn gan thú!' Ní raibh mé go maith ag deisiú rudaí, mar dhéanadh daid é sin ar fad...mar sin d'éistinn leo agus dhéanainn teachtaireachtaí agus rudaí.

Mar a dúirt tú cheana, is tú an duine 'a dtéann daoine chuige'.

Martin: Is mé...

Agus nuair is gá duit rudaí a dhéanamh duit féin agus nach féidir leat a bheith ansin do do mháthair?

Martin: Bhuel, caitear go fuaránta liom.

Emm...Ok... Nuair a bhreathnaíonn tú ar na portráidí arís Martin, an bhfuil aon rud iontu a sheasann amach? Nó an bhfuil aon rud iontu ar mhaith leat a athrú? A chur isteach? A bhogadh?

[Sos... seasann Martin suas as a shuíochán agus, ag cromadh síos, tosaíonn sé ag bogadh na n-íomhánna timpeall. Tógann sé an portráid de ‘An Duine Cailte’ agus ‘An Cuiditheoir’ chuig an mbord agus suíonn sé síos]

Martin: Tá sé díreach ag seasamh amach dom go an duine cailte ar foluain san aer ach ar a laghad níl aon duine ag tarraingt as!

Mar sin tá roinnt buntáistí ann le bheith sa suíomh seo?

Martin: Tá an chuma air mar sin féin go bhfuil sé beagáinín scanraithe agus tá meangadh gáire seafóideach air.

Conas a mhothaíonn sé a bheith sa suíomh sin?

Martin: an-éagsúil, aisteach.

Go fisiceach?

Martin: Beagán mearbhallach.

Go mothúchánach?

Martin: Tá sé amaideach ...gur mhaith liom go pointe go mbeadh duine ansin chun aire a thabhairt dom!

Emm...Níl sé sin amaideach ar chor ar bith Martin.

Martin: Tá a fhios agam gur scéal fireannach é ach is scéal an-fhíor é.

Is éifeachtaí iad atá fíor.

Martin: Is ea mar bíonn rud i do chloigeann a bhíonn a rá leat i gcónaí nár chóir go mbeadh duine ag teastáil le haire a thabhairt duit ...mar is iad na fir a thugann aire do dhaoine.

Agus fágtar tú i suíomh an fheighlí cé go ngortaíonn sé.

Martin: Bhuel, is cosúil go mbíonn an Cuiditheoir do mo leanúint gach áit [ag breathnú ar an bportráid]

[Bíonn gáire ann. Sos...Tosaíonn Martin ag bogadh na bportráidí]

Hmm!

[Ansin cuireann sé an dá phortráid taobh lena chéile agus bíonn lámha ‘an Chuiditheora’ ag síneadh amach chuig an ‘An Duine Cailte’...Sos...]



Íomhánna Martin taobh lena chéile

Wow Martin, maolaíonn rud éigin ionam nuair a bhreathnaím air. Ar mhaith leat comhrá a chruthú idir na híomhánna?

[Meangadh Gáire... Sos...]

Martin: Tá siad ag tabhairt aire dá chéile... Déanann sé ciall. Déanann sé an-chiall... is cineál mothúcháin nua é.

Anailís ghearr ar an gcomhrá

Catagóir tháiriseal á hathshlánú: ‘An Cuiditheoir ag glacadh leis an Duine atá Caillte’

Bíonn Martin in ann taithí a fháil freisin maidir leis an héifeachtaí a bhíonn má chuirtear sa suíomh dioscúrsach de bheith ‘Caillte’ agus tuiscint a fháil ag an am céanna ar conas a oibríonn an próiseas bunaithe seo – “bíonn rud i do chloigeann a bhíonn a rá leat i gcónaí nár chóir go mbeadh duine ag teastáil le haire a thabhairt duit ...mar is iad na fir a thugann aire do dhaoine.” Nuair a fhillteann sé ar an “Cuiditheoir” arís, is cosúil go bhfuil a fhéiniúlacht scaoilte aige leis an suíomh seo agus go bhfuil sé in ann fad machnamhach criticiúil a chruthú agus a fheiceáil nach *gá* gurb eisean an *suíomh*: “Is cosúil go mbíonn an Cuiditheoir do mo leanúint gach áit.” Agus taithí faighte de na héifeachtaí maidir leis bheith sa suíomh i ndioscúrsaí faoi choimhlínt maidir cad atá i gceist le bheith mar fhear/mhac bogann sé chun íomhá féiniúlachta nua a chruthú a bhaineann an bonn den bhealach deachúil ina raibh sé ag breathnú air féin mar rud amháin nó rud eile: ‘An Cuiditheoir’ nó ‘An Duine Caillte’. Breathnaíonn sé anois ar na suíomhanna seo mar chinn atá ceangailte le chéile agus ag brath ar a chéile. Cé nach nglacann sé leis an gcuireadh le comhrá a dhéanamh idir suíomhanna féiniúlachta na n-íomhánna, tugann an nóiméad an deis dó le bheith ag mothú níos láidre agus léargas á fháil aige “...de chineál mothúcháin nua.” Tionscnaíodh an bogadh seo ar fad i gcomhráite cruthaitheacha a bhí le Martin roimhe seo, agus cé go mbrisfidh sé agus go leanfaidh sé arís i dtreonna éagsúla arís, faighimid léargas anseo de bhogadh beag bídeach, ‘treo’ amach as suíomh diongbháilte.

Tátal

Is é atá i gceist leis an bpáipéar seo ná rian gearr insinte trí mo smaointe atá á bhforbairt faoin bhféiniúlacht agus an tuiscint atá agam atá ag méadú ar chumhacht an dioscúrsa cad a cheapaimid atá réalaoch á gcruthú. Cuirtear na féidearthachtaí atá ann le peirspictíocht síceolaíochta chriticiúil a chomhtháthú go spráúil isteach sa chleachtas treoirchomhairleoireachta ar fáil ní hamháin mar shamplaí ach mar chuireadh chun ceangal le smaointe agus cleachtais atá fuascailte inár gcuid oibre le daoine óga. Ag an bpointe seo, cuirtear i gcuimhne dom faoi thagairt James Conroy maidir leis an *Cleasaí* atá chomh sean sin mar fhigiúr ‘idirthréimhseach’ ar iarradh air trí na haoiseanna chun “troid i gcoinne an uabhair agus an rud atá spráúil agus a chuireann iontas orainn faoinár bhféin a théarnamh” (2004, lch 10). Mar fhigiúr traidisiúnta agus mar fhigiúr iar-chomhaimseartha, baineann an *Cleasaí* an bonn den bhealach ina gcruthaímid ár ndomhan go deachúil, mar rud amháin nó mar rud eile. Má bhímid ag iarraidh go gcuirfidh léargas na síceolaíochta criticiúla agus na teoirice iar-chomhaimseartha leis an bpolasaí agus cleachtas teorach, is cosúil go mb’fhéidir go mbeidh orainn spás cruthaitheach a oscailt le meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na buntáistí nó eile a bhaineann le seasamh spráúil agus polaitithe (*Cleasaí?*) a chur san áireamh

inár gcuid oibre. Mar thoradh ar a leithéid de sheasamh osclaítear féidearthachtaí agus coinnítear sinn gar do ráiteas fuascailte Blake, ‘Athraíonn tionchar na hintinne gach rud’. I saol atá ag athrú go mear, atá neamhchinnte agus éagsúil, d’fhéadfaí an argóint a dhéanamh gur éagóir a bheadh ann dá ndéanfaí neamhaird de chur chuige den sórt seo.

Seicliosta

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach dúinn machnamh a dhéanamh ar na ceistanna seo a leanas le feacht thábhachtach a thabhairt chuig an gcleachtas:

- Cad iad na barúlacha a bhíonn agam maidir le cad atá i gceist le bheith mar dhuine?
- Conas a bhreathnaím ar 'fhadhbanna' scoláirí? Mar atá siad ag an duine? Go córasach?
- Conas a bhíonn tionchar ag na barúlacha agus dearcthaí seo ar mo chleachtas treoirchomhairleoireachta?
- Cad iad roinnt de na snáitheanna scéil sóisialta, cultúrtha, teaghlaigh agus institiúideacha atá cumhachtach inár saol? Smaoinigh b'fhéidir faoi inscne, aois, gnéasacht, méid an choirp, áit sa teaghlach, stádas an treoirchomhairleora i scoileanna, éirim etc.
- Cad iad na héifeachtaí a bhíonn ag na dioscúrsaí seo ar mo shaol? Conas a chuireann siad srian orm agus conas a dhéanann siad mé a chumasú? Nuair a aithním dioscúrsa ina bhfuilim, an féidir liom taithí a fháil ar na héifeachtaí a bhíonn orm go mothúchánach agus go fisiceach? Mo chuid smaointe agus iompair?
- An gceapaim go gcuideodh obair íomhá chruthaitheach liom agus na dioscúrsaí cultúrtha a bhíonn dofheicthe uaireanta ina bhféadfainn a bheith ag maireachtáil a dhéanamh sofheicthe?
- Conas a bhreathnaím ar an ról maidir le 'ealaín' a dhéanamh agus straitéisí cruthaitheacha sa phróiseas treoirchomhairleoireachta; Cé chomh compordach agus atá mé le hábhar ealaíne agus le bheith rannpháirteach sa phróiseas cruthaitheach le scoláirí?

Tuilleadh Eolais

D'fhéadfadh na naisc seo a leanas a bheith úsáideach dóibh siúd ar mhian leo tuilleadh oiliúna a fháil sa Teiripe Insinte agus Ealaíne.

Teiripe Insinte:

Cuireann Ionad Teiripe Insinte Dulwich san Astráil oiliúint ar líne ar fáil

<http://www.dulwichcentre.com.au/narrative-therapy-online.html>

Cuireann Institiúid Teiripe Insinte/Líonra Insinte na Ríochta Aontaithe cúrsaí oiliúna gearra ar fáil

<http://www.theinstituteofnarrativetherapy.com/>

Teiripe Ealaíne:

Cuireann Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath, oiliúint ar fáil ag an mBonnleibhéal, leibhéal an Teastais agus leibhéal an Dioplóma

<http://www.dublinarttherapystudio.com/index.html>

Beathaisnéis

Is léachtóir í an Dr Grace O’Grady san Oideachas agus is Stiúrthóir í den Diplóma Iarchéime sa Treoirchomhairleoireacht Scoile agus ar an Máistreacht san Oideachas sa Treoirchomhairleoireacht. Mhúineann sí ar na cláir uile i Roinn an Oideachais, NUIM sna réimsí curaclaim d’Fhorbairt an Duine, den tSíceolaíocht Fhorbartha, de Chosaint Leanaí agus den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Ar na cláir Treorach Oideachasúla, múineann sí an tSíceolaíocht Ógánach agus Teoiric agus Cleachtas na Comhairleoireachta agus tá sí ina feitheoir ar threoirchomhairleoirí faoi oiliúint i socrúchán scoile. Tá a cuid spéiseanna taighde sa réimse den cruthú féiniúlachta, go háirithe in ógánaigh, agus den churaclam gníomhúil ag baint úsáide as modheolaíocht iarstruchtúraíoch fheimineach agus fiosrú insinte cruthaitheach. Múineann sí agus déanann sí feitheoireacht ar an taighde insinte sna cláir Máistreachta agus Dochtúireachta sa Roinn. Tá sí mar Chomhcheannaire ar an gclár PhD Struchtúrtha.

Tagairtí

Bekerman, Z., & Tartar, M. (2005) "Overcoming modern-postmodern dichotomies: Some possible benefits for the counseling profession" in *British Journal of Guidance and Counselling*. 33 (3).

Cixous, H. (1993) *Three Steps on the Ladder of Writing*. Nua-Eabhrac: Columbia University Press.

Cixous, H., & Calle-Cruber, M. (1997) *Helene Cixous rootprints: Memory and life writing*. Londain: Routledge.

Conroy, J., & Davis, A. R. (2002) "Transgression, Transformation and Enlightenment: The Trickster as poet and teacher" in *Educational Philosophy and Theory*. (34)3, Lúnasa.

Conroy, J. (2004) *betwixt & between: The Liminal Imagination, Education and Democracy*. Nua-Eabhrac: Peter Lang Publishing.

Davies, B. (1992) "Women's Subjectivity and Feminist Stories" in C. Ellis & G.M. Flaherty (Eds.), *Investigating Subjectivity*. Londain: Sage.

Davies B. (1993) *Shards of Glass*. New Jersey: Hampton Press.

Davies, B. (1994) Poststructuralist *Theory and Classroom Practice*. Geelong: Deakin University Press.

Davies, B. (1999) *Inscribing Body/Landscape Relations*. Nua-Eabhrac: Altamira Press.

Davies, B., & Harre, R.(2000) "Positioning: The discursive production of selves" in B. Davies (Ed.), *A Body of Writing 1990 – 1999*. CA: Altamira Press.

Davies, B. (2000) *A Body of Writing 1990 – 1999*. CA: Altamira Press.

Davies, B., Browne, J., Gannon, S., Honan, E., Laws, C., & Mueller-Rockstroh, G. (2004) "The ambivalent practices of reflexivity" in *Qualitative Inquiry*, 10(3), 360-389.

Davies, B., & Gannon, S. (2006) *Doing Collective Biography*. Berkshire: Open University Press.

Deleuze, G. (1990) *The Logic of Sense* (M. Lester, Trans.) Nua-Eabhrac: Columbia University Press.

Deleuze, G., & Quattari, F (1984/2004) *Anti-Oedipus: Capitalism and Schizophrenia*. (R. Hurley, M. Seem, H. Lane, Trans) Londain: Continuum.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1995) *Cairt don Oideachas sna Blianta Amach Romhainn, Páipéar Bán ar Oideachas*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.

Ellsworth, E (1997) *Teaching positions: Difference, pedagogy, and the power of address*. Nua-Eabhrac: Teachers College Press.

Erikson, E. (1968) *Identity, Youth and Crisis*. Nua-Eabhrac: Norton.

Erikson, E. (1980) *Identity and the Lifecycle*. Nua-Eabhrac: Norton.

Gale, K., & Wyatt, J. (2008) "Two men talking two: Therapy – A story". *4th International Congress of Qualitative Inquiry*. University of Illinois in Urbana-Champaign.

Georgakopoulou, A. (2002) "Narrative and identity management: Discourse and social identities in a tale of tomorrow". *Research on Language and Social Interaction*, 35(4), 427-451.

Gergen, K.G (1972) "Multiple identity: The healthy, happy human being wears many masks". *Psychology Today*. 5: 31-5.

Gergen K. G. (1991) *The Saturated Self*. Nua-Eabhrac: Basic Books, 1991.

Gergen, K.G. (1992) "The decline and fall of personality". *Psychology Today*. Samh.-Noll.: 59-63.

Gergen, K.G. (1996) "Theory under threat: Social construction and identity politics" in R. Van Hezewijk & I. Lubek (Eds.), *Problems of Theoretical Psychology*. North York, Ontario: Captus Press.

Gergen, K. (2001) *An Invitation to Social Construction*. Londain: Sage.

Harre, R. (1986) "The step to social constructionism" in M. Richards & P. Light (Eds.), *Children of Social Worlds*. Cambridge: Polity Press.

Harre, R. (1998) *The Singular Self*. Londain: Sage Publications.

Harter, S. (1990) "Processes underlying adolescent self-concept formation" in R. Montemayot, G.R. Adams & T.P. Gullota (Eds.), *From Childhood to Adolescence*. Newbury: Sage Books.

Harter, S. (1993) "Self and Identity Development" in S. Feldman & G.R. Elliott (Eds.), *At The Threshold*. Harvard: University Press.

Harter, S. (1999) *The Construction Of The Self*. Nua-Eabhrac: Guildford Press.

Hayes, C. Morgan, M (2011) *Research on the Practice of Counselling by Guidance Counsellors in Post Primary Schools*. Baile Átha Cliath: Foilseachán NCGE.

[http://www.ncge.ie/uploads/The Practice of Counselling by Guidance Counsellors in Post Primary Schools.pdf](http://www.ncge.ie/uploads/The_Practice_of_Counselling_by_Guidance_Counsellors_in_Post_Primary_Schools.pdf)

Henriques, J. Hollaway, W. Urwin, C. Venn, C., & Walkerdine, V. (1984) *Changing the Subject: Psychology, Social Regulation and Subjectivity*. Londain: Methuen.

Institute of Guidance Counsellors (2012). Code of Ethics of the Institute of Guidance Counsellors Arna aisghabháil ó: <http://www.igc.ie/About-Us/Code-Of-Ethics>

Irigaray L. (1996) *I love to you: Sketch for Felicity within history* (A. Martin Trans). Nua-Eabhrac: Routledge.

Irigaray L. (2002) *Between East and West: From singularity to community* (S. Pluhacek Trans), Nua-Eabhrac: Columbia University Press.

Irigaray, I. (2004) *Luce Irigaray: Key writings*. Nua-Eabhrac: Continuum.

Kroger, J. (1996) *Identity in Adolescence*. Londain: Routledge.

Kroger, J. (2004) *Identity in Adolescence The balance between self and other*. Londain: Routledge

Kristeva, J (1986) “Women’s time” In T. Moi (Ed.), *The Kristeva Reader*. Oxford: Oxford University Press.

Leitch, R., & Mitchell, R. (2007) “Caged birds and cloning machines: how student imagery ‘speaks’ to us about cultures of schooling and student participation” in *Improving Schools*. Imleabhar 10, Uimh. 1, lgh 57-75.

Leitch, R. (2008) “Researching Children’s Narratives Creatively through Drawings” in P. Thompson (Ed.), *Doing Visual Research with Children and Young People*. Nua-Eabhrac: Springer Publications.

Marcia, J. E. (1980) “Identity in Adolescence” in J. Adelson (Ed.), *Handbook of Adolescent Psychology*. Nua-Eabhrac: Wiley.

Moissinac, L., & Bamberg, M. (2004) “It’s weird, I was so mad: Developing discursive Identity Defenses in conversational Small Stories of Adolescent Boys” in *Texas Speech communication Journal special Issue, Narratives We Live By*.

National Guidance Forum Report (2007) *Guidance for Life, An Integrated Framework for Lifelong Guidance in Ireland*, Baile Átha Cliath: NGF.

National Centre for Guidance in Education (2011) *Committee of Directors of Studies in Guidance Counselling, Counselling Competencies for Guidance Counselling Education Programmes: Interim Guidelines*. Baile Átha Cliath: NCGE.

- O Grady, G. (2012) *Constructing Identities with Young People using Creative Rhizomatic Narrative*. Tráchtas PhD, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
- O Grady, G. (2005) 'Rethinking Adolescent Development' Cur i láthair Páipéir, Comhdháil Oideachas Léinn na hÉireann, Corcaigh.
- Richardson, L., & St. Pierre, E.A. (2005) "Writing: A Method of Inquiry" in K. Denzin and Y.S. Lincoln (Eds.), *The Sage Handbook of Qualitative Research*. (3^ú hEagrán) Londain: Sage Publications.
- Riessman, C. K. (2008) *Narrative Methods for the Human Sciences*. Londain: Sage Publications.
- Sermijn, J., & Devlieger, P., Loots, G. (2008) "The Narrative Construction of The Self: Selfhood as a Rhizomatic Story" in *Qualitative Inquiry*. 14(4). Londain: Sage.
- Shotter, J. (1984) *Social Accountability and Selfhood*. Oxford: Blackwell.
- Shotter, J. (1993) *Conversational Realities: Constructing Life through Language*. Londain: Sage.
- Shotter, J. (1998) "Social construction as social poetics: Oliver Sacks and the case of Dr P" in Bayer, B. and Shotter, J. (Eds.), *Reconstructing the Psychological Subject: Bodies, Practices and Technologies*. London: Sage.
- Shotter, J. (1999a) "Life inside dialogically structured mentalities: Bakhtin's and Voloshinov's account of our mental activities as out in the world between us" in J. Rowan & M. Cooper (Eds.), *The Plural Self*. Londain: Sage, 1999.
- Shotter, J. (1999b) "In conversation: joint action, shared intentionality and the ethics of conversation" in *Theory and Psychology*. 5.
- Speedy, J. (2008) *Narrative Inquiry and Psychotherapy*. Hampshire: Palgrave Macmillan.
- Thomson, P. (2008) (Ed.), *Doing Visual Research with Children and Young People*. Londain: Routledge.
- Thomson, P. Hall, C. (2008) "Dialogues with artists. Analysing children's self- portraits" in P. Thomson (Ed.), *Doing Visual Research with Children and Young People*. Londain: Routledge.
- Walkerdine, V (1993) "Beyond Developmentalism" in *Theory and Psychology*. 3: 451-69.